C/2025/4382

9.9.2025

P10_TA(2025)0051

Treoirlínte le haghaidh Bhuiséad 2026 - Roinn III

Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 2 Aibreán 2025 maidir le treoirlínte ginearálta i ndáil le buiséad 2026 a ullmhú, Roinn III – an Coimisiún (2024/2110(BUI))

(C/2025/4382)

Tá Parlaimint na hEorpa,

— ag féachaint d'Airteagal 314 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE),

— ag féachaint d'Airteagal 106a den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach,

— ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle an 17 Nollaig 2020 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027 ([1]) agus do na dearbhuithe comhpháirteacha a comhaontaíodh idir Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún sa chomhthéacs sin ([2]), agus na dearbhuithe aontaobhacha gaolmhara ([3]),

— ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) 2022/2496 ón gComhairle an 15 Nollaig 2022 lena leasaítear Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027 ([4]),

— ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) 2024/765 ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027 ([5]) (Athbhreithniú CAI),

— ag féachaint do sheasamh uaithi an 16 Nollaig 2020 maidir leis an dréachtrialachán ón gComhairle lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta ó 2021 go 2027 ([6]),

— ag féachaint do rún uaithi an 15 Nollaig 2022 maidir leis an gcreat airgeadais ilbhliantúil 2021-2027 a uas-scálú: buiséad athléimneach an Aontais a bheidh oiriúnach do dhúshláin nua ([7]),

— ag féachaint do rún uaithi an 3 Deireadh Fómhair 2023 ar an togra le haghaidh athbhreithniú meántéarma ar an gcreat airgeadais ilbhliantúil 2021-2027 ([8]),

— ag féachaint do rún uaithi an 27 Feabhra 2024 maidir leis an dréachtrialachán ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027 ([9]),

— ag féachaint do Chinneadh (AE, Euratom) 2020/2053 ón gComhairle an 14 Nollaig 2020 maidir le córas acmhainní dílse an Aontais Eorpaigh agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2014/335/AE, Euratom ([10]),

— ag féachaint do thogra ón gCoimisiún an 22 Nollaig 2021 le haghaidh cinneadh ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh (AE, Euratom) 2020/2053 maidir le córas acmhainní dílse an Aontais Eorpaigh (COM(2021)0570) agus do sheasamh na Parlaiminte an 23 Samhain 2022 ina leith ([11]),

— ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (athmhúnlú) ([12]) (an Rialachán Airgeadais),

([1]) IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 11, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2020/2093/oj.
([2]) IO C 444 I, 22.12.2020, lch. 4.
([3]) IO C 445, 29.10.2021, lch. 252.
([4]) IO L 325, 20.12.2022, lch. 11, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2022/2496/oj.
([5]) IO L, 2024/765, 29.2.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/765/oj.
([6]) IO C 445, 29.10.2021, lch. 240.
([7]) IO C 177, 17.5.2023, lch. 115.
([8]) IO C, C/2024/1195, 23.02.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/1195/oj.
([9]) IO C, C/2024/6751, 26.11.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/6751/oj.
([10]) IO L 424, 15.12.2020, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2020/2053/oj.
([11]) IO C 167, 11.5.2023, lch. 162.
([12]) IO L, 2024/2509, 26.9.2024, lch. 1. ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj.

— ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an creat chun aeráidneodracht a bhaint amach agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 401/2009 agus (AE) 2018/1999 ('An Dlí Aeráide Eorpach') ([13]),

— ag féachaint d'oibleagáidí de chuid an Aontais faoi Chomhaontú Pháras agus dá ghealltanais faoi Chreat Domhanda Bithéagsúlachta Kunming-Montreal,

— ag féachaint do straitéis an Aontais maidir le comhionannas inscne, 2020-2025,

— ag féachaint do rún uaithi an 10 Bealtaine 2023 ar an tionchar a bheidh ag méadú ar chostais iasachtaíochta Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh ar bhuiséad 2024 an Aontais Eorpaigh ([14]),

— ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) 2020/2092 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2020 maidir le córas ginearálta coinníollachta chun buiséad an Aontais a chosaint ([15]),

— ag féachaint do Chomhaontú Idirinstitiúideach an 16 Nollaig 2020 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir leis an smacht buiséadach, le comhar in ábhair bhuiséadacha agus le bainistíocht fhónta airgeadais, agus maidir le hacmhainní dílse nua, lena n-áirítear treochlár chun acmhainní dílse nua a thabhairt isteach ([16]),

— ag féachaint don Fhorógra Idirinstitiúideach maidir le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta ([17]) an 13 Nollaig 2017,

— ag féachaint do bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2025 ([18]) agus do na ráitis chomhpháirteacha a comhaontaíodh idir Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún atá i gceangal leis seo,

— ag féachaint don tuarascáil ó Enrico Letta dar teideal *Much more than a market* [Margadh Thar an gCoitiantacht], a tíolacadh i bParlaimint na hEorpa an 21 Deireadh Fómhair 2024,

— ag féachaint don tuarascáil ó Mario Draghi dar teideal *The future of European competitiveness* [Todhchaí iomaíochas na hEorpa], a tíolacadh i bParlaimint na hEorpa an 17 Meán Fómhair 2024,

— ag féachaint don tuarascáil ó Sauli Niinistö dar teideal *Safer together – Strengthening Europe's civilian and military preparedness and preparedness* [Sábháilteacht le chéile – Ullmhacht shibhialta agus mhíleata na hEorpa a neartú], a tíolacadh i bParlaimint na hEorpa an 14 Samhain 2024,

— ag féachaint do chur i láthair Chompás Iomaíochais an Aontais ó Uachtarán an Choimisiúin Ursula von der Leyen an 29 Eanáir 2025,

— ag féachaint do pháipéar bán comhpháirteach an 19 Márta 2025 maidir le hUllmhacht Eorpach um Chosaint lena gcuirtear creat ar fáil don phlean ReArm Europe (JOIN(2025)0120),

— ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 26 Feabhra 2025 dar teideal 'An Comhaontú Tionsclaíoch Glan: Treochlár comhpháirteach don iomaíochas agus don dícharbónú' (COM(2025)0085),

— ag féachaint do thogra ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2025 lena leasaítear Rialacháin (AE) 2015/1017, (AE) 2021/523, (AE) 2021/695 agus (AE) 2021/1153 a mhéid a bhaineann le héifeachtúlacht ráthaíocht an Aontais a mhéadú faoi Rialachán (AE) 2021/523 agus ceanglais tuairiscithe a shimpliú (COM(2025) 0084),

— ag féachaint do chonclúidí ón gComhairle an 18 Feabhra 2025 maidir leis na treoirlínte buiséid le haghaidh 2026,

— ag féachaint do Riail 95 dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint do na tuairimí ón gCoiste um Ghnóthaí Eachtracha, ón gCoiste um Iompar agus um Thurasóireacht, ón gCoiste um Fhorbairt Réigiúnach agus ón gCoiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe,

([13]) *IO L 243, 9.7.2021, lch. 1,* ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/1119/oj.
([14]) IO C, C/2023/1084, 15.12.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2023/1084/oj.
([15]) IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2020/2092/oj.
([16]) IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 28, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_interinstit/2020/1222/oj.
([17]) IO C 428, 13.12.2017, lch. 10.
([18]) IO L, 2025/31, 27.2.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/budget/2025/31/oj,

— ag féachaint do na litreacha ón gCoiste um Rialú Buiséadach, ón gCoiste um an gComhshaol, um an Aeráid agus um Shábháilteacht Bia, ón gCoiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh, ón gCoiste um Chultúr agus um Oideachas, agus ón gCoiste um Ghnóthaí Bunreachtúla,

— ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Buiséid (A10-0042/2025),

Buiséad 2026: todhchaí athléimneach, inbhuanaitheach agus rathúil a thógáil don Eoraip

1. á thabhairt chun suntais an fás eacnamaíoch atá tuartha in 2025 agus in 2026 laistigh den Aontas ([19]), mar aon le boilsciú a mhaolú; ag tabhairt dá haire, mar sin féin, na héiginnteachtaí a eascraíonn as cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, a chuireann slándáil an Aontais i mbaol go díreach, agus a chuireann éifeachtaí an athraithe aeráide agus ghéarchéim na bithéagsúlachta in olcas, rud a léirítear freisin i minicíocht agus déine mhéadaitheach na dtubaistí nádúrtha, ar measa fós iad mar gheall ar athruithe suntasacha geopholaitiúla nua agus ord idirnáisiúnta riailbhunaithe atá ag dul in olcas, bagairtí slándála méadaithe agus méadú ar chaomhnaitheacht dhomhanda; ag cur béim ar an bhfíoras, i dtimpeallacht atá ag éirí níos míshocra, go bhfuil sé ríthábhachtach go gcuirfidh an tAontas feabhas ar a chumais chosanta agus slándála, ar a chomhtháthú sóisialta, eacnamaíoch agus críochach agus ar a neamhspleáchas polaitiúil agus straitéiseach, a spleáchas a laghdú, a iomaíochas a mhéadú agus todhchaí rathúil a áirithiú don mhór-roinn agus dá muintir, a bhfuil costas maireachtála méadaitheach os a gcomhair faoi láthair;

2. á chur in iúl go bhfuil rún daingean aici a áirithiú go gcuirfear éiceachóras láidir ar fáil do dhaoine sa Aontas agus go mbainfear amach a dtosaíochtaí le buiséad 2026, trí dhíriú ar ullmhacht agus slándáil straitéiseach, ar iomaíochas agus athléimneacht eacnamaíoch, ar inbhuanaitheacht agus ar an aeráid, chomh maith leis an margadh aonair a neartú; á chur i bhfios go láidir go bhfuil gá le hinfheistíocht bhreise sa chosaint agus an tslándáil, i dtaighde, i nuálaíocht, i bhfiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna), sa tsláinte, san fhuinneamh, san imirce, agus i gcosaint teorainneacha talún agus muirí, san aistriú cuimsitheach digiteach agus glas, i gcruthú post agus i soláthar deiseanna do dhaoine óga chomh maith; á áitiú go mbeadh simpliú riaracháin ag gabháil leis sin, mar a léirítear sa Chompás Iomaíochais; á áitiú gurb é buiséad an Aontais an ionstraim infheistíochta is mó a bhfuil éifeacht ghiarála aici, lena gcomhlánaítear na buiséid náisiúnta agus, dá bhrí sin, rud a chumasaíonn an tAontas dul i ngleic leis na castachtaí a bhaineann leis an saol atá ag athrú go tapa agus rathúnas, comhtháthú sóisialta agus cobhsaíocht á n-áirithiú dá mhuintir ag an am céanna; á chur in iúl go bhfuil sí go láidir den tuairim gur cheart don Aontas an éifeacht ghiarála sin a úsáid a mhéid is féidir chun borradh a chur faoi chuspóirí agus ceapadh beartais an Aontais, chomh maith le hinfheistíocht phríobháideach;

Infheistíocht a dhéanamh i ngeilleagar láidir, inbhuanaithe agus athléimneach

3. á chur in iúl go bhfuil sí diongbháilte gur féidir athléimneacht agus inbhuanaitheacht fhónta eacnamaíoch a bhaint amach san Aontas trí bhorradh a chur faoin infheistíocht phoiblí agus phríobháideach, tríd an nuálaíocht a mhéadú agus trí thacú leis an iomaíochas, lena n-áirítear trí aghaidh a thabhairt ar an mbearna scileanna agus trí tháirgeadh níos tionsclaíche san Eoraip a chothú mar fhoinse d'fhás láidir eacnamaíoch agus do phoist ar ardcháilíocht, agus ar an gcaoi sin neamhspleáchas straitéiseach an Aontais a ráthú, lena n-áiritheofar go leanfaidh an tAontas de bheith sofhreagrúil agus féintuilleamaíoch i bhfianaise dúshláin dhomhanda, cur isteach agus míshocrachta; á thabhairt chun suntais gur gá an nuálaíocht a chur chun cinn, tús áite a thabhairt don oideachas, costais agus an t-ualach riaracháin a laghdú, agus an margadh aonair a neartú, go háirithe maidir le seirbhísí;

4. á athdhearbhú, i ndáil leis an méid sin, go bhfuil taighde agus nuálaíocht ríthábhachtach i gcónaí chun go mbeidh rath an Aontais i dtionscail cheannródaíocha agus i dteicneolaíochtaí atá glan, nua agus inbhuanaithe; á mheabhrú go bhfuil ann do sprioc sheanbhunaithe infheistíocht sa taighde agus sa nuálaíocht a mhéadú go 3 % den olltáirgeacht intíre (OTI); á iarraidh, dá bhrí sin, go gcuirfí cistiú méadaithe ar fáil faoin gclár Fís Eorpach chun 50 % ar a laghad de na tograí den scoth uile i ngach disciplín eolaíoch a chistiú, chun cur ar chumas taighdeoirí agus cuideachtaí, go háirithe FBManna, forbairtí nua a thabhairt chuig an margadh, agus uas-scálú a dhéanamh, chun fás eacnamaíoch láidir a áirithiú agus borradh a chur faoi iomaíochas an Aontais sa gheilleagar domhanda, agus ar an gcaoi sin cosc a chur ar ghníomhaithe imeacht chuig réigiúin iomaíocha agus a áirithiú ag an am céanna go mbeidh an bonn eolais is gá ag an Eoraip chun gealltanais an Chomhaontaithe Ghlais a shaothrú;

([19]) An Coimisiún Eorpach: Ard-Stiúrthóireacht um Ghnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais, *Réamhaisnéis eacnamaíoch na hEorpa – Fómhar 2024*, Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2024.

5. á thabhairt chun suntais a thábhachtaí atá tacaíocht spriocdhírithe chun comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí a spreagadh agus atá maoiniú inrochtana agus méadaithe do FBManna mar chnámhdroma an gheilleagair Eorpaigh agus mar threocht le haghaidh nuálaíocht cheannródaíoch, agus béim á leagan ar an ról atá ag an gComhairle Nuálaíochta Eorpach, InvestEU agus ag comhpháirt FBM de chlár an mhargaidh aonair chun gnólachtaí nuálacha nuathionscanta agus gnólachtaí nuálacha atá ag méadú a chumhachtú, tacú leo ina bhfás agus rannchuidiú le ról níos mó do gheilleagar an Aontais ar an leibhéal domhanda; á chur in iúl gur cúis bhuartha di, de réir na meastóireachta eatramhaí ar InvestEU, go bhféadfadh sé go rithfeadh na himchlúdaigh do go leor táirgí airgeadais amach faoi dheireadh 2025 gan treisithe buiséadacha; ag tabhairt dá haire an togra ón gCoimisiún chuige sin; á chur i bhfios go láidir, thairis sin, a thábhachtaí atá clár an mhargaidh aonair chun leas iomlán a bhaint as gné thrasteorann an Aontais;

6. á chur i bhfáth go mbeidh gá le hinfheistíocht phoiblí agus phríobháideach a chumasc chun an geilleagar a nuachóiriú; ag cur béim, i ndáil leis sin, ar an ngá atá le hinfheistíochtaí príobháideacha chun éifeacht ghiarála an chaiteachais phoiblí a uasmhéadú; á mheabhrú gur cheart go mbeadh simpliúchán mar thoradh ar na hiarrachtaí sin agus gur cheart go laghdófaí an t-ualach airgeadais ar FBManna de chuid an Aontais ach caighdeáin an Aontais á gcoinneáil ag an am céanna;

7. á chur i bhfios go láidir a phráinní atá sé dlús breise a chur leis an aistriú digiteach agus leis an aistriú glas chun geilleagar atá dírithe ar an todhchaí agus tíosach ar acmhainní a spreagadh agus a bheidh tarraingteach i gcónaí do ghnólachtaí nuálacha agus a bheidh bunaithe ar infheistíochtaí atá faoi thionchar an mhargaidh a sholáthraíonn poist ar ardcháilíocht agus nach bhfágann aon duine ar lár; á mholadh go ndéanfaí infheistíocht shuntasach i mbonneagar digiteach réamhbhreathnaitheach, a bhfuil an intleacht shaorga agus an chibearshlándáil atá iontaofa, dea-rialaithe agus dírithe ar an duine mar bhonn taca leis; á chur i bhfáth gur gá feabhas a chur ar bhunscileanna digiteacha na saoránach chun freastal ar riachtanais cuideachtaí agus chun na saoránaigh a ullmhú chun cur i gcoinne na bréagaisnéise; á chur i bhfáth, thairis sin, gur gá athléimneacht dhaonlathas an Aontais a mhéadú sa chomhrac i gcoinne trasnaíocht eachtrach urchóideach;

8. ag aithint luach straitéiseach an Ghréasáin Thras-Eorpaigh Iompair (TEN-T) agus na Saoráide um Chónascadh na hEorpa (SCE) chun rannchuidiú le spriocanna eacnamaíocha, sóisialta agus aeráide bhonneagar iompair trasteorann an Aontais; á iarraidh go ndéanfaí síntí gréasáin, go háirithe i leith tíortha is iarrthóirí agus chomhpháirtithe straitéiseacha de chuid an Aontais, i ndáil le straitéis soghluaisteachta inbhuanaithe agus cliste an Aontais agus na comhlántachtaí idir TEN-T agus na Gréasáin Thras-Eorpacha Fuinnimh (TEN-E);

Aontas níos ullmhaithe, a bheidh in ann freagairt go héifeachtach do ghéarchéimeanna

9. á chur i bhfios go láidir gur gá feabhas a chur ar chumais slándála agus chosanta an Aontais chun fíoraontas cosanta a chruthú agus chun ullmhú ar bhealach níos fearr do dhúshláin gheopholaitiúla nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo agus do bhagairtí hibrideacha slándála nua, agus chun freagairt dóibh ar bhealach níos fearr; á chur i bhfáth go bhfuil ról ríthábhachtach ag na sásraí coiteanna infheistíochta, taighde, táirgthe agus soláthair, lena n-áirítear i dteicneolaíochtaí suaiteacha nua lena dtacaítear le tionscal cosanta neamhspleách an Aontais; á mheas go bhfuil breisluach Eorpach ag gabháil le comhar slándála agus cosanta, agus leis an gcomhar sin ní hamháin sin go bhfuil an Eoraip agus a saoránaigh níos sábháilte, ach go mbeidh éifeachtúlacht níos fearr, coigiltis fhéideartha, cruthú post ar ardcháilíocht agus uathriail straitéiseach feabhsaithe ann freisin mar thoradh air; á iarraidh, dá bhrí sin, go ndéanfadh na Ballstáit caiteachas cosanta a mhéadú láithreach agus comhordú i bhfad níos fearr a dhéanamh air; á chur i bhfáth go háirithe gur gá acmhainní leormhaithe a chur ar fáil chun cumais mhíleata na mBallstát a nuáil agus a fheabhsú, chomh maith lena n-idir-inoibritheacht; ag tabhairt dá haire, i gcomhréir leis an bplean 'ReArm Europe' de chuid an Choimisiúin, gur iarr sí ar an mBanc Eorpach Infheistíochta (BEI) agus ar institiúidí airgeadais idirnáisiúnta eile agus ar bhainc phríobháideacha eile san Eoraip infheistíocht níos gníomhaí a dhéanamh i dtionscal cosanta na hEorpa agus a n-oibríochtaí agus a n-acmhainneacht mhaoinithe á gcosaint ag an am céanna; á mheabhrú a thábhachtaí atá sé infheistíocht a dhéanamh i dtrealamh dé-úsáide agus é a fhorbairt agus, go háirithe, soghluaisteacht mhíleata an Aontais a neartú maidir le bonneagar iompair dé-úsáide a chistiú feadh aiseanna tosaíochta; á iarraidh ar an gCoimisiún measúnú a dhéanamh ar an bhféidearthacht glaonna chun na críche sin a úsáid faoi chlár iompair SCE, i bhfianaise na bearna cistiúcháin don tsoghluaisteacht mhíleata; á chur i bhfios go láidir go bhfuil géarghá le cumais chibearshlándála an Aontais a neartú chun cogaíocht hibrideach a chomhrac;

10. ag meabhrú an róil atá ag clár spáis an Aontais chun slándáil straitéiseach an Aontais a fheabhsú trí fheidhmeanna éagsúla sibhialta agus míleata; á chur i bhfios go láidir go bhfuil buntábhacht le hearnáil spáis Eorpach láidir do shlándáil Eorpach, do neamhspleáchas straitéiseach oscailte, do nascacht shlán, do chosaint an bhonneagair chriticiúil agus do chur chun cinn an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh araon;

11. ag tabhairt chun suntais, i bhfianaise dúshláin nua sa tslándáil inmheánach agus sheachtrach, a thábhachtaí atá sé cur chun feidhme cuí an Chomhshocraithe maidir le Tearmann agus Imirce a áirithiú, i gcomhréir iomlán leis an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine, agus prionsabail na dlúthpháirtíochta agus comhroinnt chothrom na freagrachta a n-urramú; á chur i bhfáth go bhfuil bainistiú agus cosaint éifeachtach theorainneacha seachtracha an Aontais, intíre, aeir agus muirí, bunriachtanach chun saoirsí limistéar Schengen a choinneáil agus go bhfuil siad ríthábhachtach do shlándáil an Aontais agus a chuid saoránach; ag cur béim ar an bhfíoras gur gá cosaint níos fearr a thabhairt do dhaoine trí gháinneáil a chosc agus feabhas a chur ar an tacaíocht chun comhar trasteorann idir na Ballstáit agus an tAontas a neartú a mhéid a bhaineann leis an sceimhlitheoireacht, an choireacht eagraithe, an gháinneáil ar dhrugaí agus líonraí coiriúla a chomhrac, go háirithe iad siúd a bhfuil baint acu le smuigleáil imirceach agus gáinneáil ar dhaoine, chun forfheidhmiú an dlí agus an fhreagairt bhreithiúnach ar na líonraí coiriúla sin a threisiú, chomh maith le tacú leis na Ballstáit a bhfuil aghaidh á tabhairt acu ar bhagairtí hibrideacha, go háirithe ionstraimiú imirceach ar theorainneacha an Aontais mar a shainmhínítear sa Rialachán maidir le Géarchéimeanna ([20]);

12. á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di go bhfuil cistiú nó cómhaoiniú déanta ag an gCoimisiún ar fheachtais lena ndéantar caitheamh na caille a chur chun cinn, ag maíomh, mar shampla, go bhfuil 'an tsaoirse sa hijab'; á chur i bhfios go láidir gur gá nach ndéanfadh buiséad an Aontais feachtais amach anseo, a chuireann caitheamh na caille chun cinn go díreach nó go hindíreach, a chistiú a thuilleadh;

13. á mheabhrú go bhfuil ról ríthábhachtach ag an gCiste um Bainistiú Comhtháite Teorainneacha, ag an Ionstraim um Bainistiú Teorainneacha agus um Víosaí (IBTV) agus ag an gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht maidir le teorainneacha seachtracha a chosaint; á iarraidh, ina theannta sin, go mbeadh cistiú leordhóthanach ann d'acmhainneachtaí cosanta teorann mar chuid bhunriachtanach de bheartas cuimsitheach imirce, lena n-áirítear bonneagar fisiciúil, foirgnimh, trealamh, córais agus seirbhísí is gá ag pointí trasnaithe teorann, dá bhforáiltear in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán maidir le IBTV ([21]), agus go gcomhlíonfaí na ceanglais maidir le coinníollacha glactha, lánpháirtiú, filleadh agus an nós imeachta um athligean isteach; á athdhearbhú gur féidir le comhaontuithe comhair maidir le bainistiú imirce agus tearmainn le tíortha nach bhfuil san Aontas, agus lánurraim á tabhairt don dlí idirnáisiúnta, cabhrú le himirce neamhrialta a chosc agus a chomhrac agus slándáil teorann a neartú;

14. ag aithint gur príomhbheartas straitéiseach Eorpach é an comhbheartas talmhaíochta (CBT) maidir le slándáil bia agus an tAontas a bheith níos neamhspleáiche ó thaobh táirgeadh bia inacmhainne agus ardchaighdeáin; á chur i bhfáth go bhfuil ról ríthábhachtach ag CBT maidir le hioncam cuibhiúil a áirithiú d'fheirmeoirí an Aontais chomh maith le talmhaíocht Eorpach atá táirgiúil, iomaíoch agus inbhuanaithe; á chur in iúl gur oth léi go bhfuil laghdú suaithinseach tagtha ar íocaíochtaí díreacha i dtéarmaí réadacha mar gheall ar bhoilsciú, agus go bhfuil méadú tagtha ar an ualach riaracháin ar fheirmeoirí mar gheall ar charnadh maorlathais; ag tathant ar an gCoimisiún an t-ualach riaracháin a laghdú agus ardchaighdeáin táirgthe agus an ceanglas reachtaíocht an Aontais a chur chun feidhme á gcoinneáil ag an am céanna; á iarraidh go ndéanfaí acmhainní leormhaithe agus íocaíochtaí díreacha a chosaint chun cabhrú le feirmeoirí déileáil le tionchar an bhoilscithe, na gcostas breosla, na n-athruithe sa mhargadh domhanda bia agus trádála agus na dteagmhas díobhálach aeráide, lena ndéantar difear do tháirgeadh talmhaíochta agus lena gcuirtear slándáil bia i mbaol, lena n-áirítear sna réigiúin is forimeallaí; ag cur béim, i ndáil leis an méid sin, ar ról an chúlchiste talmhaíochta; ag cur béim ar an bhfíoras gur gá cabhrú le feirmeacha beaga agus meánmhéide agus le feirmeoirí nua agus óga trí thacú le hathnuachan ó ghlúin go glúin agus trí thacaíocht leanúnach a áirithiú chun táirgí talmhaíochta an Aontais a chur chun cinn; á chur i bhfios go láidir go bhfuil gá le tacaíocht iomchuí don taighde agus don nuálaíocht chun earnáil na talmhaíochta a dhéanamh níos inbhuanaithe, lena n-áirítear bainistiú uisce, go háirithe tríd an gclár Fís Eorpach, gan táirgeadh talmhaíochta na hEorpa a laghdú agus, ag an am céanna, cosc a chur ar fheirmeoirí na hEorpa aghaidh a thabhairt ar iomaíocht éagórach ó tháirgí allmhairithe nach gcomhlíonann ár gcaighdeáin; á chur in iúl gur geal léi gur ullmhaigh an Coimisiún an dara pacáiste simpliúcháin; á chur i bhfios go láidir gur comhpháirt bhunriachtanach í an tslándáil bia don chobhsaíocht gheopholaitiúil;

15. á chur i bhfáth go bhfuil ról straitéiseach ag an iascach agus ag an dobharshaothrú agus gur gá tacaíocht airgeadais leormhaith a thabhairt dóibh; á aithint go n-áirithítear leis an gcomhbheartas iascaigh ioncam cobhsaí agus todhchaí fhadtéarmach d'iascairí trí rannchuidiú le héiceachórais mhuirí inbhuanaithe a chosaint, ar cuid ríthábhachtach d'iomaíochas na hearnála iad; á áitiú nach mór aird ar leith a thabhairt ar chabhlach iascaireachta an Aontais chun sábháilteacht agus slándáil a fheabhsú, lena n-áirítear trí ghníomhaíochtaí neamhdhleathacha iascaigh a chomhrac agus trí dhálaí oibre, éifeachtúlacht fuinnimh agus inbhuanaitheacht a fheabhsú, agus tríd an gcabhlach a

([20]) Rialachán (AE) 2024/1359 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 dtugtar aghaidh ar chásanna géarchéime agus *force majeure* i réimse na himirce agus an tearmainn agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/1147 (IO L, 2024/1359, 22.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1359/oj).

([21]) Rialachán (AE) 2021/1148 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Iúil 2021 lena mbunaítear, mar chuid den Chiste um Bainistiú Comhtháite Teorainneacha, an Ionstraim le haghaidh Tacaíocht Airgeadais don Bhainistiú Teorainneacha agus don Bheartas Víosaí (IO L 251, 15.7.2021, lch. 48, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/1148/oj).

athnuachan; á athdhearbhú gur cheart don Chiste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe tacú le beartas acmhainní daonna atá in ann aghaidh a thabhairt ar dhúshláin amach anseo, chun geilleagar gorm cuimsitheach, éagsúlaithe agus inbhuanaithe a chur chun cinn; á chur in iúl gur cúis bhuartha di an éifeacht a bheidh ag deireadh idirthréimhse Brexit i mí an Mheithimh 2026 ar na hearnálacha iascaireachta agus dobharshaothraithe;

16. á chur i bhfios, ag deireadh 2023, go raibh thart ar 20 milliún leanbh i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta, arb ionann é agus thart ar an gceathrú cuid de na leanaí uile san Aontas Eorpach; á chreidiúint, dá bhrí sin, gur gá do bhuiséad an Aontais Eorpaigh dlús a chur leis na hiarrachtaí chun an bhochtaineacht a chomhrac i measc leanaí, lena n-áirítear imircigh linbh, leanaí faoi mhíchumas agus leanaí atá ina gcónaí i staideanna teaghlaigh leochaileacha, i gcomhréir leis an Ráthaíocht Eorpach do Leanaí; á athdhearbhú an athuair go n-áireofaí in imchlúdach CSE+ buiséad sonrach agus suntasach chun bochtaineacht leanaí a chomhrac;

17. á chur i bhfáth go bhfuil sé ríthábhachtach i gcónaí don Aontas feabhas a chur ar shlándáil agus neamhspleáchas fuinnimh; á thabhairt chun suntais go bhfuil ról ag an Aontas maidir le slándáil an tsoláthair fuinnimh a áirithiú, cúnamh a thabhairt do theaghlaigh, d'fheirmeoirí agus do ghnólachtaí luaineacht praghsanna a mhaolú agus bearnaí praghsanna a bhainistiú i gcomparáid leis an gcuid eile den domhan; á iarraidh, dá bhrí sin, go ndéanfaí infheistíocht bhreise i mbonneagar criticiúil agus i nascacht chriticiúil, lena n-áirítear eangacha leictreachais trasteorann ar mhórscála agus bonneagar hidrigine d'earnálacha ar deacair iad a mhaolú, ar réamhriachtanas bunriachtanach iad chun tionscal na hEorpa a dhícharbónú, i bhfoinsí fuinnimh ísealcharbóin agus in-athnuaite agus sa nascacht, go háirithe trí SCE a chistiú i gceart, agus san éifeachtúlacht fuinnimh; á thabhairt chun suntais gur gá bonneagar Eorpach a oiriúnú chun freastal ar éilimh fuinnimh amach anseo mar chuid den aistriú chuig geilleagar glan agus nua-aimseartha; á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé infheistíocht a dhéanamh in acmhainneacht idirnascairí nua, leathnaithe agus nuachóirithe do thrádáil leictreachais, go háirithe acmhainneacht trasteorann, do mhargadh fuinnimh de chuid an Aontais atá comhtháite go hiomlán agus lena bhfeabhsaítear slándáil soláthair éagsúlaithe agus athléimneacht na hEorpa i leith suaití sa mhargadh fuinnimh, lena laghdaítear spleáchais sheachtracha agus lena n-áirithítear fuinneamh inacmhainne agus inbhuanaithe do shaoránaigh agus do ghnólachtaí an Aontais ar deireadh; á chur i bhfáth, ina leith sin, gur gá an comhar leis an Afraic a neartú;

18. á mheabhrú, sa chomhthéacs sin, go bhfuil géarchéim thithíochta ann faoi láthair san Eoraip, lena n-áirítear easpa tithíocht chuibhiúil agus inacmhainne; á iarraidh, dá bhrí sin, go ndéanfaí infheistíochtaí breise go pras trí mheascán d'fhoinsí cistiúcháin, lena n-áirítear BEI agus bainc náisiúnta le haghaidh spreagadh, i réimsí a bhfuil tionchar dearfach acu ar an gcostas maireachtála a laghdú do theaghlaigh, ar éifeachtúlacht fuinnimh foirgneamh a fheabhsú agus ar fhoinsí in-athnuaite fuinnimh a chur in úsáid; á iarraidh go mbeadh cur chuige comhordaithe ann ar leibhéal an Aontais lena n-urramaítear prionsabal na coimhdeachta, lena spreagtar dea-chleachtais agus lena n-úsáidtear go héifeachtach na sásraí cistiúcháin ábhartha uile chun aghaidh a thabhairt ar an dúshlán práinneach sin;

19. á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di tionchair láidre an athraithe aeráide agus ghéarchéim na bithéagsúlachta san Eoraip agus ar fud an domhain araon agus gur measadh gurbh é 2024 an bhliain ba theo ar domhan; á iarraidh go mbeadh cistiú leordhóthanach ann don chlár LIFE chun tionscadail a bhaineann leis an aeráid agus leis an gcomhshaol a mhaoiniú, lena n-áirítear i réimse an mhaolaithe ar an athrú aeráide agus an oiriúnaithe don athrú sin, agus go mbeadh solúbthacht bhuiséadach mhéadaithe ann chun freagairt go leormhaith do thubaistí nádúrtha san Aontas; á chur in iúl gur oth léi go bhfuil líon ard íospartach mar thoradh ar líon méadaitheach tubaistí nádúrtha, chomh maith le héifeachtaí tubaisteacha fadtéarmacha ar shaoránaigh, ar fheirmeoirí agus ar ghnólachtaí atá bunaithe agus ag obair sna réigiúin lena mbaineann, agus sna héiceachórais dá ndéantar difear; á iarraidh go méadófaí an cistiú do Chiste Dlúthpháirtíochta an Aontais, RESTORE (Tacaíocht Éigeandála Réigiúnach don Atógáil) agus do Shásra an Aontais um Chosaint Shibhialta, lena n-áirítear chun acmhainneachtaí rescEU a mhéadú, lena gceadaítear fothú acmhainneachta níos costéifeachtúla, chun tacú leis na Ballstáit go tapa agus go héifeachtach i ngéarchéimeanna ollmhóra; ag aithint ról an Aontais mar mhol chun ullmhacht agus inniúlachtaí na mBallstát a chomhordú agus a fheabhsú chun freagairt láithreach d'éigeandálaí mórscála ardtionchair, agus an breisluach a bhaineann leis do na Ballstáit agus do na saoránaigh araon; á chur i bhfáth, i ndáil leis an méid sin, gur léiriú nithiúil é Sásra an Aontais um Chosaint Shibhialta ar dhlúthpháirtíocht na hEorpa, lena dtreisítear ról an Aontais mar fhreagróir géarchéime; á aithint nach féidir le Ciste Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh ná le haon chiste eile ann féin cúiteamh iomlán a dhéanamh ar na teagmhais adhaimsire atá de mhinicíocht agus déine mhéadaithe agus arb é an t-athrú aeráide is cúis leo sa lá atá inniu ann agus amach anseo; á chur i bhfáth gur gá infheistíocht a dhéanamh i mbearta ullmhachta, coisc agus oiriúnaithe agus tús áite a thabhairt dóibh, agus tús áite á thabhairt do réitigh dhúlrabhunaithe; á chur i bhfáth go bhfuil sé ríthábhachtach a áirithiú go rannchuideoidh caiteachas an Aontais le maolú ar an athrú aeráide, le hiarrachtaí oiriúnaithe agus le bonneagar athléimneachta uisce; ag cur béim ar an bhfíoras go bhfuil na hinfheistíochtaí sin i bhfad níos ísle ná an costas a bhaineann le neamhghníomhaíocht aeráide;

Deiseanna na saoránach a fheabhsú i sochaí bhríomhar

20. á áitiú go bhfuil infheistíocht leanúnach in EU4Health agus sa Bhraisle Sláinte sa chlár Fís Eorpach ríthábhachtach chun feabhas a chur ar an tsláinte agus ar an ullmhacht do ghéarchéimeanna sláinte a bheidh ann amach anseo, agus ar an gcaoi sin feabhas a chur ar stádas sláinte shaoránaigh an Aontais; á chur i bhfáth go bhfuil gá le hinfheistíochtaí sláinte lena ngabhfaidh an tionchar is mó is féidir; á thabhairt chun suntais go dtacaíonn sí le cur chuige iomlánaíoch rialála agus cistiúcháin i leith eolaíochtaí beatha agus éiceachóras bith-theicneolaíochta na hEorpa, lena n-áirítear braislí barr feabhais Eorpacha ceannródaíocha a chruthú, mar cholún lárnach d'aontas sláinte Eorpach níos láidre, ar cheart plean Eorpach le haghaidh galair chardashoithíocha agus stíleanna maireachtála a chur leis, ag díriú ar chosc príomhúil agus tánaisteach mar phríomhchuspóirí chun ionchas saoil san Aontas a mhéadú; á thabhairt chun suntais gur gá córas cúraim níos tacúla a chruthú chun freagairt do dhúshláin dhéimeagrafacha agus don daonra atá ag dul in aois; á athdhearbhú go dtacaíonn sí le Plean Sáraithe Ailse na hEorpa, chomh maith leis an tábhacht a bhaineann le hinfheistíocht Eorpach chun dul i ngleic le galair leanaí, galair neamhchoitianta agus frithsheasmhacht in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbacha; ag athdhearbhú a thábhachtaí atá gné inscne na sláinte, lena n-áirítear sláinte ghnéis agus atáirgthe agus rochtain ar sheirbhísí; á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di an ghéarchéim mheabhairshláinte atá ann faoi láthair san Eoraip, a bhfuil tionchar aici go háirithe ar an nglúin óg, agus atá níos measa mar gheall ar imeachtaí domhanda a tharla le déanaí, rud a éilíonn go ndéanfaí gníomhaíocht láithreach; á chur i bhfios go láidir gur gá ganntanais cógas leighis criticiúil, frithbheart leighis agus oibrithe cúraim sláinte atá os comhair roinnt Ballstát a chosc; á iarraidh ina leith sin go ndéanfaí comhordú níos fearr ar leibhéal an Aontais agus soláthar comhpháirteach cógas chun costais a laghdú;

21. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé infheistíocht a dhéanamh sa ghlúin óg agus ina gcuid scileanna, mar ghníomhaithe móra don athrú agus don dul chun cinn, trí rochtain ar oideachas ardchaighdeáin a áirithiú; á mheas go bhfuil sé ríthábhachtach go mbeadh rochtain iomlán ag gach mac léinn, gan idirdhealú agus i ngach Ballstát de chuid an Aontais, ar an gclár Erasmus+ agus á chur i bhfios go láidir go bhfuil ról ríthábhachtach ag Erasmus+ maidir le malartú cultúrtha a éascú, féiniúlacht Eorpach a neartú agus síocháin a chur chun cinn trí thuiscint fhrithpháirteach agus trí chomhar, rud a fhágann gur bunchloch de lánpháirtiú agus d'aontacht na hEorpa é; á mheabhrú gur gá dul i ngleic leis an easnamh scileanna, le himirce daoine oilte agus leis an gcomhghaol idir riachtanais an mhargaidh agus scileanna an mhargaidh; á mheas, chun go leanfaidh lucht saothair an Aontais de bheith iomaíoch amach anseo, go bhfuil gá le príomhréimsí oiliúna agus athscilithe a bhunú; á chur i bhfáth go bhfuil gá le tuilleadh infheistíochta chun córais oideachais an Aontais a nuachóiriú, trína n-ullmhú don aistriú digiteach agus don aistriú glas, trí scéimeanna treisithe tallainne a chruthú agus trí fhiontraithe óga a dhreasú; á chur i bhfios, ina leith sin, a ábhartha atá acmhainní airgeadais leordhóthanacha do chláir de chuid an Aontais amhail Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, Erasmus+ agus Cór Dlúthpháirtíochta an Aontais, a bhfuil sé cruthaithe go bhfuil siad an-éifeachtach chun cabhrú le hardleibhéil fostaíochta agus cosaint shóisialta chothrom a bhaint amach, chun oideachas agus oiliúint a leathnú ar fud an Aontais, chomh maith le deiseanna nua fostaíochta a chur chun cinn agus scileanna, rannpháirtíocht na hóige agus comhdheiseanna do chách a chothú; á iarraidh ar an gCoimisiún a dhícheall a dhéanamh ionas go mbeidh gach mac léinn ollscoile fós incháilithe chun páirt a ghlacadh sa chlár Erasmus+, lena n-áirítear san Ungáir;

22. á mheabhrú gurb iad teaghlaigh an príomhcholún a thacaíonn le hualach an chaiteachais shóisialta san Aontas, go háirithe iad siúd a bhfuil leanaí faoina gcúram; ag tabhairt dá haire, ag an am céanna, gurb iad na teaghlaigh is mó atá ag fulaingt freisin agus go bhfuil siad thíos leis na géarchéimeanna eacnamaíocha a tharla i ndiaidh a chéile le 15 bliana anuas; á chur i bhfáth, ar na cúiseanna sin go léir, nach mór aird ar leith a thabhairt orthu sna gnéithe ábhartha de bhuiséad an Aontais agus de thosaíochtaí Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta;

23. ag meabhrú an róil atá ag buiséad an Aontais maidir le rannchuidiú le cuspóirí Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta; á thabhairt chun suntais go bhfuil ról ag buiséad an Aontais maidir le rannchuidiú le tionscnaimh lena dtreisítear an t-idirphlé sóisialta agus lena n-éascaítear soghluaisteacht an lucht saothair, lena n-áirítear i bhfoirm oiliúna, líonraithe agus fothaithe acmhainneachta;

24. á thabhairt chun suntais go bhfuil méadú ag teacht ar na bagairtí agus na contúirtí a bhaineann le feachtais bhréagaisnéise eagraithe agus spriocdhírithe i gcoinne an Aontais ó gheallsealbhóirí eachtracha agus an bonn á bhaint ón daonlathas acu; á iarraidh go ndéanfaí gach clár ábhartha de chuid an Aontais a shlógadh, lena n-áirítear Eoraip na Cruthaitheachta, chun gníomhaíochtaí a chistiú in 2026 lena gcuirtear chun cinn litearthacht chuimsitheach dhigiteach agus litearthacht sna meáin, go háirithe do dhaoine óga, an bhréagaisnéis a chomhrac, cur i gcoinne na fuathchainte ar líne agus an ábhair antoiscigh, agus rannpháirtíocht ghníomhach na saoránach i bpróisis dhaonlathacha á spreagadh agus saoirse agus iolrachas na meán á gcosaint ar mhaithe le hathléimneacht mhaith chultúrtha, ar nithe iad uile atá bunriachtanach do dhaonlathas rathúil; á chur in iúl gur saoth léi na cinntí a rinne rialtas na Stát Aontaithe le déanaí maidir le cistiú do Radio Free Europe/Radio Liberty agus Voice of America a laghdú agus á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit féachaint ar na roghanna uile a d'fhéadfadh a bheith ann chun cistiú breise a chur ar fáil do na heagraíochtaí meán sin i bhfianaise na bhforbairtí sin;

25. á iarraidh ar an gCoimisiún cistiú AE a mhéadú chun saoránaigh de gach reiligiún agus spásanna poiblí a chosaint ar bhagairtí sceimhlitheoireachta, chun an radacú agus ábhar sceimhlitheoireachta ar líne a chomhrac, agus chun fuathchaint, frithsheimíteachas, fuath do Chríostaithe, fuath do Mhoslamaigh agus ciníochas, atá ag dul i méid i rith an ama, a chomhrac;

26. á chur in iúl gur oth léi go bhfuil coireanna fuatha á ndéanamh mó sa mhó atá in aghaidh Críostaithe agus pobail reiligiúnacha eile; á mheabhrú gurb iad na Críostaithe an pobal reiligiúnach is mó a ndéantar géarleanúint air sa domhan; ag tathant ar an gCoimisiún, thairis sin, cistiú a sholáthar chun ionsaithe ar phobail reiligiúnacha, agus go háirithe ar an bpobal Críostaí agus ar an bpobal Giúdach, a ndearnadh ionsaithe orthu san Eoraip le míonna beaga anuas, a chosc; ag tathant ar an gCoimisiún tosaíocht a thabhairt do chosaint na saoránach agus na bpobal reiligiúnach uile agus tacú le bagairtí sceimhlitheoireachta a chomhrac, ag díriú go háirithe ar radacú agus ar ábhar sceimhlitheoireachta ar líne;

27. á iarraidh ar an gCoimisiún a áirithiú go ndéanfar an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha ([22]), an Gníomh um an Margadh Digiteach ([23]) agus an Gníomh um an Intleacht Shaorga ([24]) a chur chun feidhme go pras, go hiomlán agus go cuí agus a fhorfheidhmiú go láidir, trí acmhainní daonna leordhóthanacha a leithdháileadh freisin; ag cur i bhfáth a thábhachtaí atá sé dul i ngleic le trasnaíocht eachtrach, aghaidh a thabhairt ar na contúirtí a bhaineann le halgartaim chlaonta, agus trédhearcacht, cuntasacht agus sláine an spáis phoiblí dhigitigh a chosaint.

28. á chur i bhfios go láidir go mbaineann breisluach le cláir chistiúcháin i réimsí an daonlathais, na gceart agus na luachanna; á mheabhrú go bhfuil ról tábhachtach ag buiséad an Aontais maidir leis na luachanna Eorpacha a chumhdaítear in Airteagal 2 den Chonradh ar an Aontas Eorpach a chur chun cinn agus maidir le tacú le príomhphrionsabail an daonlathais, an smachta reachta, na dlúthpháirtíochta, na cuimsitheachta, an cheartais, an neamh-idirdhealaithe agus an chomhionannais, lena n-áirítear comhionannas inscne; á athdhearbhú, thairis sin, go bhfuil ról ríthábhachtach ag an gclár um Shaoránaigh, Comhionannas, Cearta agus Luachanna maidir le luachanna Eorpacha agus cearta na saoránach a chur chun cinn, go háirithe a shraith de Luachanna de chuid an Aontais, chomh maith le comhionannas inscne, agus ar an gcaoi sin sochaí oscailte, chearta-bhunaithe, dhaonlathach, chomhionann agus chuimsitheach atá bunaithe ar an smacht reachta a chothú agus a fhorbairt tuilleadh; á chur i bhfáth go bhfuil gá le bearta spriocdhírithe chun aghaidh a thabhairt ar éagothromaíochtaí inscne agus chun comhdheiseanna a chur chun cinn trí leithdháiltí cistiúcháin an Aontais; á chur i bhfáth gur infheistíocht straitéiseach sa daonlathas, sa trédhearcacht agus sa cheartas sóisialta é tacú leis an iriseoireacht iniúchach le hacmhainní leordhóthanacha; ag athdhearbhú a thábhachtaí atá na cláir Daphne agus Comhionannas agus Cearta, agus á chur i bhfáth gur cheart na hacmhainní is gá a dhíriú ar idirdhealú de gach cineál a chomhrac, chomh maith le dul i ngleic le cineálacha foréigin;

29. ag cur béim ar an obair luachmhar a dhéantar faoi shraith Luachanna an Aontais, lena gcuirtear cistiú díreach ar fáil, i measc nithe eile, d'eagraíochtaí na sochaí sibhialta mar phríomhghníomhaithe i ndaonlathais bhríomhara; á chur i bhfáth go bhfuil saoránaigh agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta, a chuireann toil agus leas na saoránach chun cinn, i gcroílár dhaonlathas na hEorpa; á chur i bhfios go láidir, i ndáil leis an méid sin, a thábhachtaí atá cláir uile an Aontais agus cistiú méadaithe chun tacú le fíor-rannpháirtíocht na sochaí sibhialta, go háirithe i gcomhthéacs thionchar chistiú laghdaithe chomhpháirtithe idirnáisiúnta an Aontais don tsochaí shibhialta;

30. á iarraidh go gcuirfí chun feidhme go hiomlán agus go práinneach an Comhaontú lena mbunaítear comhlacht nua um chaighdeáin eiticiúla do chomhaltaí institiúidí agus comhlachtaí comhairliúcháin dá dtagraítear in Airteagal 13 den Chonradh ar an Aontas Eorpach; á chreidiúint go gcuireann scannal éillithe Huawei práinn ar leith le tús a chur le hobair an chomhlachta gan mhoill; á ghealladh go soláthrófar na hacmhainní airgeadais agus daonna is gá chun lamháil don chomhlacht a shainordú a chomhlíonadh agus a gcuid cúraimí a chur chun feidhme go hiomchuí;

([22]) Rialachán (AE) 2022/2065 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Deireadh Fómhair 2022 maidir le Margadh Aonair do Sheirbhísí Digiteacha agus lena leasaítear Treoir 2000/31/CE, *IO L 277, 27.10.2022, lch. 1*, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2022/2065/oj.

([23]) Rialachán (AE) 2022/1925 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meán Fómhair 2022 maidir le margaí inchoimhlinte agus cothroma san earnáil dhigiteach agus lena leasaítear Treoracha (AE) 2019/1937 agus (AE) 2020/1828, *IO L 265, 12.10.2022, lch. 1*, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2022/1925/oj.

([24]) Rialachán (AE) 2024/1689 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 lena leagtar síos rialacha comhchuibhithe maidir leis an intleacht shaorga agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 300/2008, (AE) Uimh. 167/2013, (AE) Uimh. 168/2013, (AE) 2018/858, (AE) 2018/1139 agus (AE) 2019/2144 agus Treoracha 2014/90/AE, (AE) 2016/797 agus (AE) 2020/1828, IO L, 2024/1689, 12.7.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1689/oj.

31. á mheas go bhfuil sé riachtanach do chobhsaíocht agus do dhul chun cinn an Aontais agus do mhuinín a shaoránach go ndéanfar úsáid chuí chistí an Aontais a áirithiú agus gach céim a thógáil i dtreo leasanna airgeadais an Aontais a chosaint, go háirithe trí choinníollacht maidir leis an smacht reachta a chur i bhfeidhm; ag cur béim láidir ar an nasc doshéanta idir an urraim don smacht reachta agus cur chun feidhme éifeachtúil bhuiséad an Aontais i gcomhréir le prionsabail na bainistíochta fónta airgeadais faoin Rialachán Airgeadais; á athdhearbhú, faoin Rialachán Coinníollachta maidir leis an Smacht Reachta ([25]), nár cheart go ndéanfadh forchur beart iomchuí difear d'oibleagáidí na rialtas an clár nó an ciste a ndéanann an beart difear dó a chur chun feidhme, agus go háirithe na hoibleagáidí atá orthu i leith faighteoirí deiridh; á áitiú, dá bhrí sin, i gcásanna sáruithe ar an smacht reachta ag rialtais náisiúnta, gur cheart don Choimisiún féachaint ar bhealaí malartacha chun an buiséad a chur chun feidhme, lena n-áirítear trí mheasúnú a dhéanamh ar an bhféidearthacht foinsí a atreorú chuig cláir atá á mbainistiú go díreach agus go hindíreach, chun a áirithiú gur féidir le húdaráis áitiúla agus réigiúnacha, an tsochaí shibhialta agus tairbhithe eile leanúint de thairbhe a bhaint as cistiú ón Aontas, gan cur i bhfeidhm an rialacháin a lagú; ag leagan béim ar ról Chúirt Iniúchóirí na hEorpa agus ar a gníomhaíocht leanúnach chun trédhearcacht, cuntasacht agus comhlíonadh docht na rialachán maidir leis na cistí agus na cláir uile a chosaint;

Aontas láidir i saol atá ag athrú

32. á thabhairt faoi deara gur gá don Aontas a láithreacht ar an leibhéal domhanda a choinneáil agus a mhéadú agus coinbhleachtaí domhanda, athruithe geopholaitiúla agus iarrachtaí ar thionchar eachtrach ar fud an domhain ag dul in olcas, go háirithe i bhfianaise forbairtí le mórsholáthraithe cabhrach domhanda eile; á chur i bhfáth, chun é sin a bhaint amach, go bhfuil cistiú agus acmhainní leordhóthanacha de dhíth ar an Aontas chun gníomhú, lena n-áirítear chun freagairt do ghéarchéimeanna móra ina chomharsanacht agus ar fud an domhain, go háirithe i bhfianaise an laghdaithe thobainn ar chistiú idirnáisiúnta; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá an clár um chabhair dhaonnúil agus á chur in iúl gur oth léi nach bhfuil na hacmhainní ag teacht leis na riachtanais ba mhó a bhí riamh ann; á chur i bhfios go láidir gur gá ról an Aontais mar phríomhghníomhaí daonnúil a neartú agus aghaidh á tabhairt go héifeachtach ag an am céanna ar ghéarchéimeanna atá ag teacht chun cinn, go háirithe i réigiúin ina bhfuil coinbhleacht fhadtréimhseach, easáitiú, neamhshlándáil an tsoláthair bia agus tubaistí nádúrtha; ag cur béim ar an bhfíoras go bhfuil acmhainní leordhóthanacha ag teastáil ón Aontas freisin le haghaidh infheistíochtaí fadtéarmacha chun comhpháirtíochtaí domhanda a fhorbairt, agus á chur i bhfios a thábhachtaí atá rannpháirtíocht tíortha nach bhfuil san Aontas i gcláir an Aontais, i gcás inarb iomchuí;

33. á chur i bhfios go láidir go bhfuil athrú as cuimse tagtha ar thimpeallacht slándála an Aontais tar éis chogadh foghach neamhdhleathach, gan chúis agus gan údar na Rúise i gcoinne na hÚcráine agus athruithe nach féidir a thuar i mbeartais a phríomh-chomhghuaillithe; á mheabhrú a thábhachtaí atá sé sábháilteacht na saoránach a fheabhsú agus éifeachtúlacht a bhaint amach i réimse na cosanta agus an neamhspleáchais straitéisigh, trí chur chuige cuimsitheach i leith na slándála lena gcumhdaítear cumais mhíleata agus shibhialtacha, caidreamh seachtrach agus slándáil inmheánach; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá an Ciste Slándála Inmheánaí chun cistiú a áirithiú chun dul i ngleic le leibhéil mhéadaithe coireachta eagraithe tromchúisí a bhfuil gné thrasteorann agus cibearchoireacht ag baint leo; ag aithint an bhrú a léiríonn caiteachas méadaithe cosanta do bhuiséid náisiúnta na mBallstát; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé go gcuirfeadh na Ballstáit dlús lena n-iarrachtaí agus go méadódh siad an cistiú dá gcumais chosanta, ar bhealach comhsheasmhach agus comhlántach i gcomhréir le treoirlíne ECAT;

34. á chur i bhfáth, anuas ar íobairtí ollmhóra mhuintir na hÚcráine chun seasamh i gcoinne chogadh foghach na Rúise ar mhaithe lenár slándáil choiteann Eorpach, go raibh iarmhairtí suntasacha eacnamaíocha agus sóisialta ag eascairt ón gcogadh sin freisin do dhaoine ar fud na hEorpa; á mheabhrú go bhfuil Ballstáit áirithe, go háirithe iad siúd a bhfuil teorainn talún acu leis an Rúis agus/nó leis an mBealarúis sa réigiún Baltach, agus le Ballstáit túslíne, chomh maith le hearnálacha leochaileacha den gheilleagar, fós neamhchosanta go háirithe ar iarmhairtí an chogaidh agus go bhfuil tacaíocht tuillte acu i réimsí amhail talmhaíocht, bonneagar agus soghluaisteacht mhíleata, de mheon dhlúthpháirtíocht AE;

([25]) Rialachán (AE, Euratom) 2020/2092 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2020 maidir le córas ginearálta coinníollachta chun buiséad an Aontais a chosaint IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2020/2092/oj.

35. á athdhearbhú go láidir go dtacaíonn sí go hiomlán agus go neamhchoinníollach leis an Úcráin agus í ag troid ar son a saoirse agus a daonlathais i gcoinne fhogha na Rúise, ós rud é go bhfuil an cogadh ar a talamh tar éis dul ar aghaidh le trí bliana; á chur i bhfios go láidir go bhfuil gá leanúnach le hardleibhéil chistiúcháin, lena n-áirítear i gcabhair dhaonnúil agus le haghaidh deisiúcháin ar bhonneagar criticiúil agus acmhainneacht fheabhsaithe feadh na Lánaí Dlúthpháirtíochta idir an tAontas agus an Úcráin; á chur in iúl gur geal léi go bhfuil sé ina rún athnuaite agus atreisithe ag an gCoimisiún agus ag na Ballstáit oibriú ar bhealach aontaithe chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais phráinneacha chosanta na hÚcráine agus chun tuilleadh tacaíochta a thabhairt do gheilleagar na hÚcráine trí thacaíocht airgeadais rialta agus intuartha a chur ar fáil agus trí dheiseanna infheistíochta a éascú; á chur in iúl gur geal léi an comhaontú leis an gComhairle maidir le cúnamh macra-airgeadais suas le EUR 35 bhilliún don Úcráin, agus úsáid á baint as fáltais shócmhainní reoite na Rúise trí Shásra nua Comhair le haghaidh Iasachtaí don Úcráin, chun tacú le téarnamh, atógáil agus nuachóiriú na hÚcráine, chomh maith le dul chun cinn na hÚcráine ar a conair i dtreo aontachas leis an Aontas a chothú; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé cuntasacht a áirithiú maidir le croíchoireanna idirnáisiúnta;

36. á áitiú go mbeadh tairbhí ag baint le cistí réamhaontachais, do thíortha an mhéadaithe agus don Aontas féin araon, ós rud é go gcruthaíonn an cistiú níos mó cobhsaíochta sa réigiún; á chur in iúl gur geal léi cur chun feidhme an Phlean Fáis do na Balcáin Thiar chun tacú tuilleadh le cóineasú eacnamaíoch thíortha na mBalcán Thiar le margadh aonair an Aontais trí infheistíocht agus fás sa réigiún; á áitiú gur gá na cistí is gá a úsáid chun tacú le próiseas aontachais na Moldóive, i gcomhréir le tiomantas an Aontais don mhéadú agus don chobhsaíocht réigiúnach; á chur i bhfios go láidir go bhfuil ról ag an tSaoráid Athchóirithe agus Fáis do Phoblacht na Moldóive agus á thabhairt chun suntais gur gá acmhainní leordhóthanacha airgeadais a áirithiú chun í a chur chun feidhme ina hiomláine; á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá tacaíocht leanúnach do thíortha is iarrthóirí chun na hathchóirithe riachtanacha a bhaineann le haontachas a chur chun feidhme, go háirithe maidir leis an smacht reachta, an frithéilliú agus an daonlathas agus maidir lena n-athléimneacht a fheabhsú agus bagairtí hibrideacha a chosc agus a chomhrac; á iarraidh ar an gCoimisiún cistiú breise a leithdháileadh chun tacú leis an tsochaí shibhialta, le heagraíochtaí neamhspleácha meán agus le hiriseoirí neamhspleácha;

37. á chur i bhfios go láidir, thairis sin, go rannchuidíonn beartas comharsanachta an Aontais, eadhon a Chomhpháirtíochtaí an Oirthir agus an Deiscirt, leis an sprioc fhoriomlán cobhsaíocht, rathúnas agus athléimneacht chomharsana an Aontais a mhéadú agus, ar an gcaoi sin, slándáil ár mór-roinne a mhéadú; á chur i bhfáth, dá bhrí sin, a thábhachtaí atá sé línte buiséid Chomharsanacht an Deiscirt agus an Oirthir a threisiú chun tacú le hathchóirithe polaitiúla, eacnamaíocha agus sóisialta sna réigiúin, chun próisis síochána agus atógáil a éascú agus chun cúnamh a chur ar fáil do dhídeanaithe, go háirithe trí chistiú leanúnach, treisithe agus intuartha agus trí chur chun feidhme leanúnach ar an láthair; á mheabhrú nach mór don Aontas leanúint de ghéarchéimeanna eile a mhaolú agus cúnamh a thabhairt do na pobail is leochailí ar fud an domhain trína chlár cabhrach daonnúla, agus trína sheasamh domhanda leis an Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta a choinneáil chun tacaíocht a sholáthar maidir le dúshláin dhomhanda agus chun cearta an duine, saoirsí agus an daonlathas a chur chun cinn, chomh maith le fothú acmhainneachta eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus gealltanais idirnáisiúnta aeráide agus bithéagsúlachta an Aontais a bhaint amach, laistigh de chóras cuimsitheach faireacháin agus rialaithe;

Saincheisteanna a thrasnaíonn réimsí éagsúla i mbuiséad 2026

38. á chur i bhfios go láidir gur oibleagáid dhlíthiúil ar an Aontas é costais iasachtaíochta Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh (EURI) a aisíoc agus, dá bhrí sin, gur oibleagáid neamhroghnach é; ag tabhairt dá haire go mbraitheann na costais iasachtaíochta ar luas na n-eisíocaíochtaí faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (RRF) agus ar luaineachtaí margaidh i dtorthaí bannaí agus, dá bhrí sin, go bhfuil siad dothuartha go páirteacht agus luaineach go bunúsach; á áitiú, dá bhrí sin, gur gá don Choimisiún faisnéis iontaofa, thráthúil agus chruinn a chur ar fáil maidir le costais iasachtaíochta NextGenerationEU (NGEU) agus maidir le heisíocaíochtaí RRF a bhfuil coinne leo le linn an nós imeachta bhuiséadaigh chomh maith le saoradh atá ar fáil; ag dréim leis go ndéanfaidh an Coimisiún réamhaisnéis saortha a nuashonrú nuair a thíolacfaidh sé an dréachtbhuiséad; á mheabhrú gur chomhaontaigh na trí institiúid nach mór é a bheith d'aidhm ag caiteachas lena gcumhdaítear costais mhaoiniúcháin NGEU gan cláir agus cistí an Aontais a laghdú;

39. á mheabhrú go dtacaíonn sí leis na tograí leasaithe ón gCoimisiún maidir le hacmhainní dílse nua a thabhairt isteach; á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di an easpa iomlán dul chun cinn maidir leis na hacmhainní dílse nua sa Chomhairle, go háirithe i bhfianaise infheistíocht mhéadaitheach agus riachtanais gan choinne; á mheas go bhfuil sé ríthábhachtach acmhainní dílse nua a thabhairt isteach, i gcomhréir leis an treochlár i gcomhaontú idirinstitiúideach 2020, chun costais iasachtaíochta NGEU a chumhdach agus na corrlaigh agus na sásraí solúbthachta is gá chun freastal ar na riachtanais sin á gcosaint ag an am céanna;

40. á thabhairt chun suntais arís go dtacaíonn an Pharlaimint go hiomlán leis an mbeartas comhtháthaithe agus lena ról lárnach maidir le tosaíochtaí beartais an Aontais agus a fhás ginearálta a bhaint amach; á athdhearbhú go mbraitheann breisluach is fearr is féidir ón mbeartas comhtháthaithe do shaoránaigh ar a chur chun feidhme éifeachtach agus tráthúil; ar an gcaoi chéanna, ag tathant ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún dlús a chur le cur chun feidhme na gclár oibríochtúil faoi chistí bainistíochta comhroinnte chomh maith le cur chun feidhme na bpleananna téarnaimh agus athléimneachta chun forghníomhú tapa buiséadach a áirithiú agus chun riaráistí íocaíochta carntha a sheachaint sa dá bhliain dheireanacha de thréimhse CAI go háirithe trí fhothú acmhainneachta breise agus trí chúnamh teicniúil breise do na Ballstáit; á athdhearbhú go bhfuil gá le sásra láidir agus trédhearcach chun faireachán cruinn a dhéanamh ar eisíocaíochtaí le tairbhithe;

41. ag tabhairt dá haire nach mór aird ar leith a thabhairt ar limistéir thuaithe agus iargúlta, ar limistéir a bhfuil an trasdul tionsclaíoch ag dul dóibh agus ar réigiúin a bhfuil míbhuntáistí móra buana nádúrtha nó déimeagrafacha acu, amhail oileáin agus na réigiúin is forimeallaí, réigiúin trasteorann agus shléibhtiúla agus iad siúd go léir atá buailte ag tubaistí nádúrtha; á chur i bhfáth gur cheart go mbainfeadh na réigiúin sin tairbhe as cistiú leormhaith chun na saintréithe agus na srianta speisialta a bhaineann lena staid shóisialta agus eacnamaíoch struchtúrach a fhritháireamh, dá dtagraítear in Airteagal 349 CFAE; á chur i bhfáth a ríthábhachtaí atá clár POSEI chun gníomhaíocht talmhaíochta a choinneáil ar bun sna réigiúin is forimeallaí agus chun bia a thabhairt chuig margaí áitiúla; á iarraidh go méadófaí buiséad an chláir chun fíor-riachtanais na bhfeirmeoirí sna réigiúin sin a léiriú; ag tabhairt dá haire nár tharla aon mhéadú den sórt sin ó 2013 i leith, in ainneoin go bhfuil costais táirgthe níos airde ar fheirmeoirí sna réigiúin sin mar gheall ar bhoilsciú agus ar an athrú aeráide; á chur i bhfáth freisin gur cheart go mbainfeadh na Tíortha agus na Críocha Thar Lear atá comhlachaithe leis na Aontas, dá dtagraítear in Airteagail 198-204 CFAE, tairbhe as cistiú leormhaith dá bhforbairt inbhuanaithe eacnamaíoch agus shóisialta, i bhfianaise a dtábhachta geopholaitiúla do bhealaí trádála muirí domhanda agus do phríomh-chomhpháirtíochtaí amhail iad siúd a bhaineann le slabhraí luacha amhábhar inbhuanaithe;

42. á athdhearbhú gur cheart cláir, beartais agus gníomhaíochtaí an Aontais a chur chun feidhme, i gcás inarb ábhartha, ar bhealach lena gcuirtear comhionannas inscne chun cinn agus a gcuspóirí á mbaint amach acu; á chur in iúl gur geal léi obair an Choimisiúin maidir le príomhshruthú inscne a fhorbairt chun tionchar inscne chaiteachas an Aontais a thomhas go fóinteach, mar a leagtar amach sa chomhaontú idirinstitiúideach;

43. ag tabhairt dá haire go meastar go mbainfear amach an sprioc 30 % maidir le príomhshruthú aeráide faoi 33,5 % in 2025, agus go mbeidh an sprioc bhithéagsúlachta faoi bhun 8,5 % in 2025, agus mura dtabharfar faoi ghníomhaíocht thiomnaithe nach mbainfear amach an sprioc 10 % in 2026; á chur i bhfáth go bhfuil gá le hiarrachtaí leanúnacha chun na spriocanna príomhshruthaithe aeráide agus bithéagsúlachta a leagtar síos sa chomhaontú idirinstitiúideach i mbuiséad an Aontais agus i gcaiteachas EURI a bhaint amach;

44. á chur i bhfáth gur cheart buiséad 2026 an Aontais a ailíniú le huaillmhianta an Aontais a bheith aeráidneodrach faoi 2050 ar a dhéanaí, chomh maith le gealltanais idirnáisiúnta an Aontais, go háirithe faoi Chomhaontú Pháras agus faoi Chomhaontú Kunming-Montreal, agus gur cheart dó rannchuidiú go suntasach le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip agus straitéis bhithéagsúlachta 2030;

45. á mheabhrú nach féidir cláir a chur chun feidhme go héifeachtach ach amháin le tacaíocht ó riarachán tiomanta; ag cur béim ar an obair bhunriachtanach a dhéanann comhlachtaí agus gníomhaireachtaí díláraithe agus á dhearbhú nach mór foireann chuí agus acmhainní leordhóthanacha a bheith acu, agus boilsciú á chur san áireamh, ionas gur féidir leo a bhfreagrachtaí a chomhlíonadh go héifeachtach agus rannchuidiú le tosaíochtaí polaitiúla an Aontais a bhaint amach, agus nuair a thugtar cúraimí agus sainorduithe nua dóibh freisin;

46. á mheabhrú, i gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais, agus an buiséad á chur chun feidhme, nach mór do na Ballstáit agus don Choimisiún a áirithiú go gcomhlíonfar an Chairt um Chearta Bunúsacha agus go n-urramófar luachanna an Aontais a chumhdaítear in Airteagal 2 CAE; ag cur béim ar Airteagail 137, 138 agus 158 den Rialachán Airgeadais go háirithe agus á mheabhrú go bhfuil sé d'oibleagáid ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit aon duine nó eintiteas a fhaightear ciontach, le breithiúnas críochnaitheach, i gcionta sceimhlitheoireachta agus freisin, le breithiúnais chríochnaitheacha ar ghníomhaíochtaí sceimhlitheoireachta, i gcionta den sórt sin, éilliú nó cionta tromchúiseacha eile a ghríosú, cabhrú lena ndéanamh, a neartú nó iarracht a dhéanamh ar iad a dhéanamh, a eisiamh ó chistí an Aontais; á thabhairt chun suntais gur gá iarrachtaí a ghiaráil chun dul i ngleic le calaois ar leibhéal an Aontais agus ar leibhéal na mBallstát araon agus chun na críche sin acmhainní iomchuí airgeadais agus daonna a áirithiú lena gcumhdaítear ollstruchtúr frithchalaoise iomlán an Aontais; á mheabhrú a thábhachtaí atá sé acmhainní airgeadais leordhóthanacha a chur ar fáil do Chlár Frithchalaoise an Aontais;

47. á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá cumarsáid éifeachtach agus infheictheacht bheartais agus chláir an Aontais chun feasacht a mhúscailt maidir leis an mbreisluach a thugann an tAontas do shaoránaigh, do ghnólachtaí agus do chomhpháirtithe;

°
° °

48. á threorú dá hUachtarán an rún seo a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig an gCúirt Iniúchóirí.